**Polasaí**
**Uath-dhífhibrileoir Seachtrach Pobail**
**Scéim Chéad Fhreagróir Chairdiach**

**An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (SNO)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir Thagartha an Doiciméid** | ***NASCG007*** | **Doiciméid ullmhaithe ag** | *Gearóid Oman, Maoirseoir Pharaimhíochaineoirí* |
| **Uimhir Athbhreithnithe** | *3* | **Doiciméid faofa ag** | *Foireann Cinnireachta SNO* |
| **Dáta Faomhadh** | *7 Márta 2012* | **Freagracht as cur i bhfeidhm** | *Bainisteoirí Feidhmíochta Oibriúcháin* |
| **Dáta Athbhreithnithe** | *7 Márta 2016* | **Freagracht as athbhreithnithe agus iniúchadh** | *Foireann Cinnireachta SNO* |

## Clár na nÁbhar:


**1.0 Ráiteas Polasaí 3**

**2.0 Aidhm 4**

**3.0 Raon 4**

**4.0 Reachtaíocht/polasaithe a bhaineann 4**

**5.0 Gluais na dTéarmaí agus Sainmhínithe 4**

**6.0 Róil agus Freagrachtaí 5**

**7.0 Treoirlínte 8**

**8.0 Plean Feidhmiúcháin15**

**9.0 Athbhreithniú agus Iniúchadh 16**

**10.0 Tagairtí 16**

**11.0 Aguisíní 16**

## 1.0 RÁITEAS POLASAÍ

1.1 Cuimsíonn scéim Chéad Fhreagróir baill den phobal a chabhraíonn leis an bpobal áitiúil go deonach trí fhreastal ar ghlaonna éigeandála laistigh de cheantair aontaithe ina bhfuil cónaí orthu nó ina bhfuil siad ag obair chun bunchúram éigeandála a sholáthar an fhaid is atáthar ag fanacht ar fheithicil éigeandála.

1.2 Go bunúsach, tá ceithre chineál scéim Chéad Fhreagróir ann:

A. Scéim Eagraíocht bhunaithe: Ionaid oibre nó clubanna spóirt, áit a fheidhmíonn an duine deonach sa láthair oibre nó gar dó. Samplaí de seo is ea ionaid siopadóireachta, ionaid fóillíochta, príosúin, 7rl.
B. Scéim Pobal bhunaithe: áit a fheidhmíonn oibrí deonacha sa phobal ina gcónaíonn siad nó ina n-oibríonn siad agus freastalaíonn siad ar eachtraí laistigh de cheantair tíreolaíoch aontaithe cosúil le sráidbhaile nó baile beag
C. Scéim na Seirbhíse Dóiteáin: Cuireann an scéim seo Céad Fhreagróirí atá soghluaiste i bhfeithicil éigeandála agus atá in ann freastal ar cheann de cheantair oibriúcháin an SNO atá ar fáil don tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.
D. Scéim na bParaimhíochaineoirí atá ar scíth ó Dhualgas: Baill foirne den SNO atá sásta feidhmiú go deonach i róil an Chéad Fhreagróir ina bpobail áitiúla. Baineann an polasaí seo leis na baill foirne sin agus iad ag feidhmiú mar Chéad Fhreagróirí.

1.3 Ní chuirfear Scéim an Chéad Fhreagróir in áit seirbhísí éigeandála leighis, ach chun an tseirbhís a chomhlánú agus a bhreisiú.

1.4 Is comhpháirtíocht é Scéim an Chéad Fhreagróir idir Ghrúpaí Chéad Fhreagróirí, gnólachtaí áitiúla/ tráchtála agus daoine deonacha laistigh den phobal atá ina mbaill indibhidiúil de na Grúpaí sin. Tá SNO tiomanta do chomhtháthú grúpaí mar seo, a bunaíodh chun freastal cuí a dhéanamh ar cheantair ina bhfuil fianaise ann go bhfuil gá leo.

1.5 Sula nglacann an Coiste Scéime le duine mar Chéad Fhreagróir, ba chóir cur ina luí ar dhaoine deonacha aontú le, agus cloí le h-ábhair an pholasaí seo. Tá an t-údarás ag an gCoiste Scéime, seirbhís aon oibrí deonach a chur ar ceall má sháraíonn an duine sin an pholasaí.

## 2.0 AIDHM

2.1 Chun a chinntiú go bhfuil creat rialachais láidir ann,ar mhaithe le Scéimeanna an Chéad Fhreagróir Chairdiach (CFC) a chomhtháthú le h-aisfhreagairt na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna (SNO) ar Ghlaonna Éigeandála 999 cuí a bhfuil Stádas Chliniciúil 1 acu.

2.2 Chun na gnáthaimh oibriúcháin a bhaineann lena leithéid de scéimeanna a leagan amach mar atá ullmhaithe ag SNO agus a nglacfadh na daoine atá páirteach sna scéimeanna agus a bheidh á gcomhordú leo.

2.3 Chun cód iompar a bhunú d'oibrí deonacha ar mian leo a bheith ina Chéad Fhreagróirí agus chun cur síos a dhéanamh ar fhreagrachtaí na Scéime agus na mbaill aonaracha.

## 3.0 RAON

3.1 Baineann an polasaí seo le gach duine a ghlacann aon pháirt sa Scéim Chéad Fhreagróir Pobail mar a chomhairlítear don SNO

3.2 Baineann an polasaí seo leis na Feitheoirí Rialúcháin, Baill Foirne agus Oifigigh atá páirteach i gcomhtháthú a leithéid seo scéimeanna.

## 4.0 REACHTAÍOCHT/POLASAITHE ÁBHARACH EILE

A. FSS – Treoir do Chéad Fhreagróir Pobail

B. CCPR Caighdeáin Oiliúna agus Oideachas

C. CCPR Treoirlínte um Thuairisc ar Chúram Othar

D. CCPR Caighdeán Seolta na Seirbhísí Éigeandála Míochaine (SEM)

E. HIQA Aga Freagartha Réamh-Ospidéil ETF (KPI)

F. Acht um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

G. Achtanna um Thrácht ar Bhóithre (éagsúla)

H. Rialacha an Bhóthair

## 5.0 GLUAIS TÉARMAÍ AGUS SAINMHÍNÍTHE

A. SNO Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna

B. SÉL Seirbhísí Éigeandála Leighis

C. FCÉ Foras Croí na hÉireann

D. CCM Cumann Croí Mheiriceá

E. CCÉR Comhairle Cúram Éigeandála Réamhospidéil

F. CFC An Chéad Fhreagróir Cairdiach

G. TCO Tuairisc ar Chúram Othar

H. TCC Treoirlínte ar Chleachtais Chliniciúla

I. BÁO Bainisteoir ar Áiseanna Oibriúcháin

J. ASTM Ardchóras Seachadta Tosaíochtaí Míochaine

## 6.0 RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ

## 6.1 RÓL AN CHÉAD FHREAGRÓIR CAIRDIACH

6.1.1 Cruthúnas aitheantais a iompar nuair a táthar ag freastal ar ghlaonna m.sh. Ceadúnas Reatha Tiomána, 7rl.

6.1.2 Gach céim réasúnta a thógáil chun a gcuid sláinte agus sábháilteacht féin a chosaint agus do gach duine eile a d'fhéadfadh a ngníomhartha nó neamhgníomhartha a chur isteach orthu.

6.1.3 Chun freastal ar ghlaonna Stad Cairdiach/Riospráideach agus Tachtadh Éigeandála áitiúil SCRTÉ (ECHO).

6.1.4 Chun cúram éigeandála a sholáthar do na h-othair seo go dtí go dtiocfaidh feithicil éigeandála.

6.1.5 Caithfidh an Chéad Fhreagróir a bheith réidh chun cúram an othair a fhágáil faoin chabhair níos cáilithe nuair a thagann sin m.sh. criú an otharchairr nó Dochtúir Teaghlaigh (DT). Nuair atá gá leis, ba chóir don Chéad Fhreagróir cúram leanúnach a chur ar fáil faoi stiúir an leibhéal cliniciúil níos airde atá ag freastal ar an eachtra.

6.1.6 Ní mór cur chuige ciúin, muiníneach a bheith aige/aici. Cuirfidh seo an othar agus na gaolta ar a suaimhneas.

6.1.7 Chun an Uath-dhífhibrileoir Seachtrach a úsáid, más cuí, ar othair le stad cairdiach agus chun Athbheochan Cardascámhógach (ACS) a sholáthar go dtí go dtiocfaidh cabhair i láthair.

6.1.8 Chun cúram a aistriú le tuairisc ó bhéal don leibhéal cliniciúil níos airde nuair a thagann sé.

6.1.9 Chun Tuairisc an Chéad Fhreagróir Cairdiach a chomhlánú (féach Aguisín III)

### 6.2 RÓL AN CHINNIRE FOIRNE CFC

6.2.1 Chun córas uainchláir a eagrú chun a chinntiú go mbeidh an leibhéal clúdach atá beartaithe ann i gcomhair laethanta saoire agus tinneas a chlúdú.

6.2.2 Chun ionadú a dhéanamh thar ceann an Fhoireann ar an gCoiste Scéime.

### 6.3 RÓL AN CHOMHORDAITHEORA SCÉIME/NASC-DUINE de chuid SNO

6.3.1 Ba chóir go mbeadh Comhordaitheoir Scéime i ngach ceantar, a dhéanfaidh caidrimh leis an mBainisteoir Áiseanna Oibriúcháin SNO. (BÁO).

6.3.2 Beidh an Comhordaitheoir Scéime freagrach as chumarsáid idir an Scéim Céad Fhreagróir Pobail agus an SNO.

6.3.3 Ba chóir an chóras seo a úsáid don chumarsáid ghinearálta céadchéime

6.3.4 San áireamh i ról agus freagrachtaí an Chomhordaitheora Scéime tá:

A. Caidrimh a chothú idir an Scéim agus an SNO

B. Chun cabhrú más cuí, chun oiliúint a sholáthar do Scéimeanna an Chéad Fhreagróir Pobail
C. Co-oibriú le h-iniúchadh ar Scéimeanna an Chéad Fhreagróir Pobail
D. Tacaíocht agus spreagadh a sholáthar dá bhfoireann Céad Fhreagróirí Pobail agus feidhmiú mar pointe chomh-theagmhála do na baill.
E. Cruinnithe rialta a eagrú don Scéim chun uasdátú, tacaíocht agus aiseolas faoi chásanna a thabhairt, agus aird á thabhairt ar na riachtanais a bhaineann le rúndacht don othair.

## 6.4 RÓL AN CHOISTE SCÉIME

6.4.1 Ba chóir go mbeadh Coiste Scéime i ngach ceantar, le Comhordaitheoir Scéime agus Cinnirí Foirne CFC ar an gcoiste.
6.4.2 Tacaíonn an Coiste Scéime le h-obair na Scéime agus Comhordaitheoir na Scéime.
6.4.3 Is iad an ról agus na freagrachtaí atá ar an gCoiste Scéime ná:

A. Cabhrú chun próifíl Céad Fhreagróirí Pobail a ardú sa phobal
B. Cinntiú go bhfuil leibhéal sách ard d'ábhair intomhalta ann
C. Chun bunoiliúint agus ath-teastasú a eagrú do na Céad Fhreagróirí Pobal
D. Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt dá bhfoireann Céad Fhreagróirí Pobail agus a bheith mar phointe comh-theagmhála dóibh.
E. Súil a choinneáil ar leas na n-oibrithe deonacha.
F. A chinntiú go bhfuil freagróirí eolach ar pholasaithe agus gnáthaimh na Scéime.

6.4.4 Spreagfaidh an SNO, baill foirne den SNO áitiúil le bheith mar meantóirí do na h-oibrithe deonacha agus freastal ar chruinnithe athbhreithnithe rialta de chuid an Scéim áitiúil. Cinnteoidh seo go mbeidh teagmháil rialta idir an SNO agus gach Scéim Chéad Fhreagróirí Pobail.

## 6.5 RÓL an BHAINISTÍOCHT SNO

6.5.1 Tá freagracht iomlán as comhtháthú na Scéimeanna áitiúla ag Bainisteoirí Feidhmíochta Oibriúcháin. Tarmligtear an fhreagracht seo ar bhonn laethúil chuig Bainisteoirí ar Áiseanna Oibriúcháin.
6.5.2 Tá freagracht ar Bhainisteoirí ar Áiseanna Oibriúcháin as bailíochtú tosaigh d'aon Scéim, as moltaí i leith comhtháthú agus idirghabháil áitiúil a sholáthar do gach Scéim Chéad Fhreagróir a bhfuil an SNO ag tacú leo.

6.5.3 Tá freagracht ar Bhainisteoirí Rialúcháin do chomhtháthú agus leagan amach aon Scéim atá dírithe ar aga fhreagartha éifeachtacha a bhaint amach atá tagarmharcáilte i gcoinne caighdeáin aga fhreagartha náisiúnta. Tá freagracht orthu freisin as cinntiú go gcloíonn SNO le gach rialachán reachtúil agus éigeantach i leith gníomhachtú oibrithe deonacha ag an FSS.

6.5.4 Chomh fada agus is féidir beidh an Bainisteoir ar Áiseanna Oibriúcháin ag comhordú gach cumarsáid bainistíochta idir SNO agus na scéimeanna éagsúla a thiteann laistigh de théarmaí tagartha an pholasaí seo.

6.5.5 Má dhéanann aon Scéim sárú ar a bhfuil sna polasaithe agus gnáthaimh seo tá údarás ag Bainisteoir ar Áiseanna Oibriúcháin chun comhtháthú agus gníomhachtú na Scéime sin a fhoircheannadh.

6.5.6 Cuirfidh SNO na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do na Scéimeanna CFC comhtháite:

A. Soláthar comhairle agus tacaíocht saineolaíoch
B. Treoir Chliniciúil
C. Slánaíocht Chliniciúil
D. Athsholáthar Tomhaltáin
E. Rochtain ar Thacaíocht ón mBainistíocht ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla (CISM)
F. Bainistiú ar Dhramhaíl Chliniciúil

## 7.0 GNÁTHAMH/ TREOIRLÍNE

## 7.1 CRUTHÚ SCÉIME / EARCAÍOCHT

7.1.1 Ag baint úsáide as an fhaisnéis bainistíochta atá ar fáil, d’fhéadfadh SNO ceantair a bhainfeadh tairbhe as Scéim Chéad Fhreagróir, a chur in ord tosaíochta laistigh dá cheantar oibriúcháin.

7.1.2 Nuair a dhéanann grúpaí pobail nó deonacha teagmháil ar dtús, iarrfar orthu léarscáil mionsonrach den cheantar a theastaíonn uathu a chlúdú a chur faoi bhráid an Bhainisteoir ar Áiseanna Oibriúcháin áitiúil chun plé a dhéanamh faoi.

7.1.3 B’fhéidir go mbeidh gá plé a dhéanamh faoi scéimeanna eile atá ann nó ag teacht chun cinn chun oibriúcháin éifeachtach a chinntiú.

7.1.4 Ba chóir go mbeadh na daoine deonacha os cionn 18 bliain d’aois agus sách aclaí chun a bheith ina Chéad Fhreagróirí.

7.1.5 Caithfidh gach oibrí deonach ón bpobal na foirmeacha atá ceangailte leis an bpolasaí seo mar aguisíní, a chomhlánú agus a sheoladh chuig an Coiste Scéime áitiúil:

A. Aontú Rúndacht, Polasaí agus Gnáthaimh an Oibrí Deonach, féach Aguisín II
B. Litir don Chomhlacht Árachais, féach Aguisín IV

7.1.6 Ní bheidh ar oibrithe deonacha i Scéimeanna Eagraíocht-bhunaithe (i.e.ina ghnáth-áit oibre), na foirmeacha thuasluaite a chomhlánú. Beidh sé de dhualgas ar a ghnáth-fhostaitheoir a chinntiú go bhfuil an duine feiliúnach chun na dualgais breise seo a ghlacadh san ionad oibre. Dá bhrí sin, do Scéimeanna Eagraíocht-Bhunaithe, síneoidh an fostaitheoir cóip den pholasaí chun a dheimhniú go dtuigeann siad na dualgais atá orthu faoin bpolasaí. Beidh leibhéal freagracht na h-eagraíochta á aithint ag SNO ar chaighdeán Chéad Fhreagróir Cairdiach, cé go dtuigeann SNO go mbeadh eagraíochtaí ar leith treallamhaithe chun an caighdeán seo a shárú.

7.1.7 Nuair a glactar daoine deonacha ar an scéim ba chóir dóibh freastal ar bhunoiliúint ag suíomh nó áisíneacht oiliúna creidiúnaithe. Ba chóir go mbeadh an cúrsa ag cloí le caighdeáin náisiúnta an Cúrsa Chéad Fhreagróir Cairdiach ón gComhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil.

7.1.8 Ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht phearsanta, moltar do Chéad Fhreagróirí Pobail vacsaíniú i gcoinne Heipitíteas B a fháil. Is féidir seo a eagrú lena nDochtúir Teaghlaigh féin. Má tharlaíonn sé go bhfuil deacracht ag duine an vacsaín a fháil, b’fhéidir go mbeidh SNO in ann coinne a eagrú don duine sin leis an tSeirbhís Sláinte Saothair san FSS.

7.1.9 Má theastaíonn ó Chéad Fhreagróir Pobail an scéim a fhágáil, caithfidh sé nó sí sin a chur in iúil don Choiste Scéime.

## 7.2 CÓD IOMPAR

### 7.2.1 Aidhm an Chóid

Chun a chinntiú go dtuigeann na h-oibrithe deonacha go bhfuiltear ag súil le h-ardchaighdeán iompar uathu agus iad ag comhlíonadh an ndualgais ar son na Scéime.

### 7.2.2 Macántacht agus Iontaofacht

Caithfear a bheith iontaofa agus a bheith in ann brath ar an duine oibriú leis féin go h-éifeachtach gan feitheoireacht.

### 7.2.3 Sláinteachais agus Glaineacht

Caithfidh ardchaighdeán sláinteachais agus glaineacht phearsanta a bheith ag Céad Fhreagróirí mar go mbeidh siad i ndlúth-theagmháil le daoine eile, go mór mhór othair. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach baol thras-ionfhabhtaithe a sheachaint, trí lámhaíní agus an Masc Póca a chaitheamh nuair atáthar ag déileáil le h-othair ag cloí leis na réamhchúraim uilíoch gan eisceacht.

### 7.2.4 Cuma

Táthar ag súil go mbeadh cuma glan, néata ar Chéad Fhreagróirí i gcónaí. Ba chóir do gach scéim Veist Shofheicthe a bheith acu a thugann le taispeáint gur Céad Fhreagróir an duine sin. Ba chóir an veist seo a chaitheamh i gcónaí nuair atáthar ag freastal ar ghlaoch.

### 7.2.5 Críochnúlacht agus Éifeachtúlacht

Ba chóir do Chéad Fhreagróirí cloí leis na polasaithe agus gnáthaimh aontaithe agus iad a leanacht i gcónaí.

### 7.2.6 Iompar i leith Othair

Bí deastuisceanach, athdhearbhach, tuisceanach agus báúil. Seachain iomad dánachta a dhéanamh ar dhuine agus bí urramach ar nósmhaireachtaí, luachanna agus prionsabail creidimh éagsúla.

### 7.2.7 Iompar i leith Daoine Eile

Bí airdeallach ar riachtanais ghaolta agus cairde an othair agus daoine eile. Ná tarraingítear tusa isteach in argóintí ná easaontaithe.

### 7.2.8 Tuiscint freagrachta

Bíodh meas agat i gcónaí ar phríobháideachas agus dínit an othair. Tá na sonraí i leith othair dian-rúnda, a riocht agus a c(h)óir leighis san áireamh. Bíonn ar Chéad Fhreagróirí Foirm Rúndachta an Oibrí Deonach a shíniú nuair a théann siad isteach sa scéim.

Foirceannfar obair dheonach don Scéim má bhíonn aon sárú rúndacht ann agus d'fhéadfaí caingean dlí shibhialta a thabhairt i gcoinne an duine sin.

Ba chóir aon cheist ón bpreas/na meáin i leith eachtraí a bhfuil Céad Fhreagróirí ag freastal orthu, a dhíriú chuig an Bainisteoir ar Áiseanna Oibriúcháin SNO áitiúil. Níl cead ag Céad Fhreagróir aon ráiteas a thabhairt do na meáin. Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh oibrithe deonacha de réir an chaighdeán oiliúna a cuireadh orthu agus ní níos airde.

### 7.2.9 Ionracas

Tá ionracas fíor-thábhachtach mar go mbíonn Chéad Fhreagróirí ag dul isteach i dtithe príobháideacha leo féin agus caithfear a bheith muiníneach astu.

### 7.2.10 Féin-araíonacht agus Dílseacht

Tá gá le h-ardcaighdeán féin-araíonachta agus dílseachta.

### 7.2.11 Gearáin agus Ard-mholadh

Déantar iniúchadh lánchúramach agus cothrom de réir Polasaí agus Gnáthaimh um Ghearáin. Tá ceangal ar Chéad Fhreagróirí comh-oibriú le h-aon iniúchadh ar ghearán, eachtra áibhirseach nó éileamh dlí.

Taifeadtar gach ard-mholadh agus seolfar litir phearsanta ón mBainisteoir ar Áiseanna Oibriúcháin chuig an duine lena mbaineann sé, ag glacadh buíochas leis/léi agus ag déanamh comhghairdeas leis/léi.

Tá an Coiste Scéime freagrach as cinntiú go gcloínn gach oibrí deonach leis an cód iompar agus tá an t-údarás ag an gCoiste Scéime chun fáil réidh le seirbhísí aon duine deonach a sháraíonn an cód.

## 7.3 OILIÚINT & MEASÚNÚ

7.3.1 Ba chóir don Scéim taifid oiliúna a choinneáil do na Céad Fhreagróirí Pobail.

7.3.2 De bharr na cineáil glaonna a mbíonn i gceist, go minic bíonn Céad Fhreagróir i riocht anáiseach a d'fhéadfadh cur isteach ar dhuine. Uaireanta ní bhíonn gá ach le labhairt le Céad Fhreagróirí eile, an Comhordaitheoir Scéime nó Foireann SNO faoin méid a tharla, ach uaireanta bíonn gá le comhairleoireacht ghairmiúil. Cabhróidh an SNO BÁO áitiúil le h-oibrí deonacha leis an bpróiseas seo.

7.3.3 Cuirfear comhairleoireacht seachtrach ar fáil má tá gá leis de réir Polasaí SNO – NASWS004 – Oibriú an Chóras Bhainistíochta ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúil.

## 7.4 TREALAMH

7.4.1 Ba chóir do Scéimeanna Céad Fhreagróirí Pobail machnamh a dhéanamh faoi cineál éigin de chárta aitheantais oifigiúil ar a mbeadh grianghraf a bheith ag Céad Fhreagróirí agus glaoch á fhreagairt acu. Ba chóir go mbeadh ar Chéad Fhreagróirí Pobail a gcártaí aitheantais agus aon nithe eile a sholáthraíonn an Scéim dóibh, a thabhairt ar ais nuair a bheidh siad ag fágáil na Scéime.

7.4.2 Is féidir le SNO comhairle a thabhairt faoin gcineál trealaimh a bheidh ag teastáil nó á cheannach ag an Scéim. Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas sa phaca freagróra:

1. UDS(Uath-Dhífhibrileoir Seachtrach) le cadhnra dhífhibrileora breise
2. Aghaidhmhasc póca aon uaire
3. Lámhaíní
4. Glaoire agus/nó fón póca
5. Veist/ Seaicéad Sho-fheicthe don Chéad Fhreagróir

7.4.3 Níor chóir aon trealamh ach an trealamh atá údaraithe ag an Scéim a úsáid agus glaoch á fhreagairt.

7.4.4 Tá gach Céad Fhreagróir freagrach as cinntiú go bhfuil an trealamh in oiriúint ag tús a t(h)réimhse feidhme, go nglantar é tar éis a úsáide agus go stóráiltear an trealaimh i gceart. Ba chóir dáta éaga aon tomhaltáin a seiceáil chomh maith.

7.4.5 Ba chóir aon phíosa trealamh atá lochtach nó neamhfhóinteach a aistharraingt agus tuairisciú a dhéanamh faoi, chuig an Chomhordaitheoir Scéime chomh luath agus is féidir. Eagróidh an Comhordaitheoir Scéime go mbaileofar an trealamh lochtach agus go soláthrófar trealamh ina áit.

7.4.6 Is féidir tomhaltáin a athchur trí tuairisciú don Coiste Scéime áitiúil gur fhreastal tú ar ghlaoch.

7.4.7 Tá gach Scéim Chéad Fhreagróirí freagrach as cinntiú go gcothabháltar an Uath-dhífhibrileoir Seachtrach de réir treoracha agus moltaí na ndéantóirí. Ba chóir fadhbanna a bhaineann leis an UDS a chur faoi bhráid an Chomhordaitheoir Scéime.

**Dramhaíl Chliniciúil**

7.4.8 De réir dlí, caithfear dramhaíl a láimhseáil, a scagadh agus a dhiúscairt i gceart. Ba chóir maisc póca a thabhairt do Phearsanra Otharcharranna le cur sna málaí dramhaíola cliniciúla. NÁ CUIR sa ghnáth dramhaíl.

7.4.9 Is é an sainmhíniú atá ar Dhramhaíl Chliniciúil ná: fíocháin daonna/ainmhí, eisfhearaithe, drugaí agus táirgí míochaine, maipíní agus íocleasaithe, uirlisí nó substaintí agus ábhair cosúla.

## 7.5 FEITHICLÍ

7.5.1 Áit a gcuireann Céad Fhreagróirí a gcuid córais iompar ar fáil trí charranna príobháideacha, ba chóir do Chéad Fhreagróirí déanamh cinnte go bhfuil a dóthain árachais acu don fheithicil atá in úsáid. Beidh Dearbhú ar chlúdach árachais ag teastáil ó SNO. Ba chóir do Chéad Fhreagróirí cinntiú gur inis siad dá n-árachóirí faoina ngníomhaíochtaí Céad Fhreagróireachta. Coinneoidh an Coiste/Comhordaitheoir Scéime an fhaisnéis seo.

7.5.2 Tá dualgas ar Chéad Fhreagróirí a gcuid feithiclí a chothabháil agus a choinneáil i riocht sábháilte agus ródacmhainneach. Ní bheidh SNO/Scéim freagrach in imthoisc ar bith. Ní moltar othair a iompar i bhfeithicil Chéad Fhreagróra.

7.5.3 Ní ghlacfaidh SNO freagracht in aon chuinsí as dleacht mháil feithicle, an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán, préimheanna árachais ná aon suim iníoctha i leith an fheithicil. (Íocaíochta fruilcheannaithe ná iasachtaí i leith an fheithicil san áireamh)

7.5.4 Níor chóir aon fheithicil a fheistiú le gaireas rabhadh éigeandála, buan ná sealadach, soilse gorma, gonnáin agus aonaid splainc ceannsoilse san áireamh ach ní teoranta don méid sin. Níor chóir feithicil a fheistiú le h-aon striaidhp ná boinn frithchaiteach ná comharthaí eile.

7.5.5 Ar do bhealach chuig eachtra níl aon thosaíocht agat ar aon thiománaí eile. Tá splancadh ceannsoilse míthreorach do thiománaithe eile agus níor chóir é a dhéanamh ach de réir Rialacha an Bhóthair. Ar mhaithe le do shábháilteacht féin, ba chóir an trealamh a stóráil agus a iompar i mbúit d'fheithicil. Ba chóir díriú ar chaighdeán do chuid tiomána agus tú ag tiomáint chuig eachtra.

7.5.6 Ní mór duit stopadh in áit shábháilte chun úsáide a bhaint as fón póca nó léamh mapa nó nithe eile mar iad. Ba chóir duit a chinntiú go bpáirceálann tú go sábháilte agus de réir Rialacha an Bhóthar agus aon fho-dhlíthe páirceála áitiúla. Má bhíonn gá le páirceáil ar bhealach a meastar a bheith contúirteach, ba chóir duit guais soilse a chur ar siúl chun rabhadh a thabhairt do thiománaithe eile. Is nuair nach bhfuil d’fheithicil ag gluaiseacht gur chóir seo a dhéanamh.

7.5.7 Má tharlaíonn timpiste agus tú ar do bhealach chuig eachtra, ní mór duit stopadh agus sonraí a thabhairt de réir Rialacha an Bhóthar. Ba chóir SNO/An Scéim a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir faoin dtimpiste.

7.5.8 Má bhíonn aon imní ort faoi do shábháilteacht ag láthair an eachtra, fan i do charr agus má tá sé sábháilte é a dhéanamh, tiomáin ar aghaidh. Ba chóir duit Rialú na nOtharcharranna a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir.

7.5.9 D’fhéadfadh sé tarlú go gcuirfeadh brú tráchta agus gníomhartha tiománaithe eile níos mó struis agus imní ort agus tú ar do bhealach chuig eachtra. Ba chóir duit foghlaim conas frithluaile aibhsithe nádúrtha na colainne a aithint agus do ghníomhartha féin a choinneáil faoi smacht.

## 7.6 AG FREAGAIRT GLAONNA

7.6.1 Tagann na glaonna éigeandála ar fad chugatsa ó Rialú na nOtharcharranna mar teachtaireacht glaoire nó ar an bhfón póca. Tá freagracht iomlán ag SNO chun ordú slógaidh do ghlaoch a eagrú. Is de réir chritéir seachadta an Ardchóras Seachadta Tosaíochtaí Míochaine a chuirfear glaoch ar Chéad Fhreagróirí. Nuair a fhaigheann an Chéad Fhreagróir atá ar fáil, an glaoch, gluaiseann sé/sí chuig an seoladh a tugtar.

7.6.2 Agus tú ag dul chuig an eachtra, tiomáin ag gnáth luas, de réir na luasteorann agus de réir an Acht reatha um Thrácht ar Bhóithre agus Rialacha an Bhóthar.

### Níl aon díolúine ann do Chéad Fhreagróirí

7.6.3 Nuair a shroicheann an Chéad Fhreagróir an láthair, ba choir páirceáil go sábháilte agus go ciallmhar, ag déanamh cinnte go bhfuil rochtain ann don otharcharr nuair a thagann sé. Tá sé inghlactha go mbeadh gaol nó cara sa charr in éineacht leis an Chéad Fhreagróir ach cuimhnigh nach bhfuil sé d’údarás ag aon duine seachas an Chéad Fhreagróir féin dul isteach i dteach an othair ná láthair na h-eachtra.

7.6.4 Nuair a shroicheann an Chéad Fhreagróir an eachtra, ba chóir dó/di foirm aitheantais a thaispeáint agus míniú go bhfuil an otharcharr ar a bhealach agus go dtabharfaidh an Chéad Fhreagróir cúram dó/di idir an dá linn. Ansin déantar measúnú ar riocht an othair agus cuirtear tús leis an gcóireáil cuí.

7.6.5 Níl sé d'údarás ag an Chéad Fhreagróir an feithicil práinnfhreagartha a sheoltar go h-uathoibríoch tráth an ghlaoch a chur ar scoir. Nuair a thagann an fheithicil práinnfhreagartha, ba chóir don Chéad Fhreagróir tuairisc beacht ó bhéal a thabhairt agus cabhair a thairiscint más gá.

7.6.6 Ní bheidh an Chéad Fhreagróir ag taisteal chuig an ospidéal i gcúl an otharchairr ach amháin i gcás eisceachtúil agus ní ansin fiú ach má iarrann an gcriú otharcharr air nó uirthi sin a dhéanamh.

7.6.7 Má tharlaíonn sé go bhfuil an Chéad Fhreagróir gafa i gcás foréigneach nó ionsaitheach ba choir dó nó di an eachtra a fhágáil agus Rialú na nOtharcharranna a chur ar an eolas ar an bhfón póca. Ná téigh ar ais chun trealamh a bhailiú.

7.6.8 Ba chóir do Chéad Fhreagróirí Rialú na nOtharcharranna a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir má tharlaíonn aon ní as an tslí nó cion tráchta ar an mbealach chuig glaoch. Ba chóir an Comhordaitheoir Scéime agus an BÁO SNO a chur ar an eolas freisin.

**Glaoch a rith**

7.6.9 Má thagann Céad Fhreagróir ar eachtra ina dteastaíonn a c(h)abhair ba chóir dó/di freagairt mar is cuí agus chomh luath agus is féidir glaoch a chur ar Rialú na nOtharcharranna ar 999. Inis seoladh an eachtra, tabhair sonraí gonta agus cabhraigh mar is gnáth go dtí go dtiocfaidh an fheithicil práinnfhreagartha.

**7.7 DLITEANAS**

7.7.1 Tá clúdach dliteanas curtha ar fáil don SNO ag an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát clúdach dliteanas.

7.7.2 Rangaítear Céad Fhreagróirí atá ghníomhaithe ag an SNO, mar gníomhaí SNO.

7.7.3 Tá Dliteanas Fostóra, Scéim Dliteanas Chliniciúil agus Dliteanas Poiblí de chuid an SNO áta bainteach le baill Scéimeanna Chéad Fhreagróirí atá ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí **údaraithe** agus ag feidhmiú laistigh dá scóip cleachtais, m.sh. Céad Fhreagróir Cairdiach.

7.7.4 I gcás imeachtaí coiriúla, déanfaidh an Scéim Dliteanas Chliniciúil ionadú ar son an Chéad Fhreagróir, mar a dhéanann do gach ball eile d'fhoireann an FSS, fostaithe SNO san áireamh.

7.7.5 Ní mór dóthain árachas a bheith ar Chéad Fhreagróirí ar a gcarranna i gcomhair na Scéime agus is gá dearbhú ar an árachas sin a thabhairt do SNO/an Scéim go bliantúil.

7.7.6 Moltar duit a chinntiú nach neamhbhailítear aon árachas phearsanta atá agat, clúdach saoil ná clúdach criticiúil san áireamh.

## 7.8 BEARTAS MAIDIR LEIS NA MEÁIN AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ TIOMSAITHE AIRGID

### Beartas maidir leis na Meáin

7.8.1 Dóibh siúd, bíodh siad ina ndaoine aonair nó eagraíochtaí, atá údaraithe ag an Scéim feidhmiú thar a cheann, cosúil le Céad Fhreagróirí, beidh an Coiste Scéime ag comhordú poiblíocht i gcomhair le SNO BÁO tar éis dul i gcomhairliúcháin leis an Oifig Chumarsáide Ceantar FSS áitiúil.

7.8.2 Cuirfidh SNO tacaíocht, comhairle agus faomhadh deiridh ar fáil go h-áirithe aon ráiteas mar fhreagra ar cheist ó na nuachtáin ar na h-indibhidiúil /eagraíochtaí mar a luaitear thuas.

7.8.3 Maidir le mír nuachta a gintear go réamhghníomhach m.sh. ag cur na meáin ar an eolas faoi thionscnamh atá le teacht, ba chóir faomhadh a fháil ón Oifig Chumarsáide Ceantar FSS áitiúil roimh theagmháil a dhéanamh le meáin chumarsáide ar bith. Cuirfidh an Oifig Chumarsáide Ceantar FSS gach tacaíocht, comhairle agus treoir ar fáil duit má theastaíonn sé.

7.8.4 Forbraíodh an bheartas seo chun rúndacht an othair a chosaint chomh maith le treoir soiléir a sholáthar faoin leibhéal tacaíochta agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí san meáin a bheidh ag SNO/ Scéim.

### Gníomhaíochtaí Tiomsaithe Airgid

7.8.5 Caithfidh an Bainisteoir Oibriúcháin Ceantair agus Cumarsáid FSS faomhadh a thabhairt don ghníomhaíocht tiomsaithe airgid, a mbeidh baint aige le h-ainm SNO, sula seolfar é. Cinnteoidh seo go mbainfear úsáid as an suim airgid a bhailítear ar shlí dearfach agus tairbheach chun feasacht sláinte a chothú nó chun trealamh mar Uath-dhífhibrileoir Seachtrach a sholáthar don phobal áitiúil.

7.8.6 Ba chóir go mbeadh cuntas beacht ar an chiste a bhailítear agus tuairisc faoi ar fáil d'aon iniúchadh. Tabharfaidh an Coiste Scéime faoi seo.

## 8.0 PLEAN FEIDHMIÚCHÁIN

8.1 Seolfar an Pholasaí seo go leictreonach chuig gach Bainisteoir, Feitheoir agus Ball Foirne.

8.2 Beidh an Polasaí seo ar fáil go leictreonach i ngach suíomh ar mhaithe le h-éascaíocht aisghabhála agus tagartha.

8.3 Cinnteoidh gach Bainisteoir um Thacaíocht Oibriúcháin agus Athléimneachta go seolfaidh an Bainisteoir / Feitheoir atá freagrach as uasdátú Polasaithe agus Gnáthaimh, an Fhoirm Dheimhniúcháin ar ais chuig Ceanncheathrú SNO chun a dheimhniú gur scaipeadh an cháipéis ar gach ball foirne.

## 9.0 ATHBHREITHNIÚ AGUS INIÚCHADH

9.1 Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo nuair is gá, tar éis athrú ar ghnáthaimh agus/nó reachtaíocht agus/ nó eachtra ábhartha.
9.2 Déanfaidh lucht bainistíochta SNO athbhreithniú ar éifeachtúlacht chliniciúil agus oibriúcháin gach Scéim ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil an Scéim ag soláthar an tairbhe is mó don phobal áitiúil agus ag cur le feidhmiú na seirbhíse.

## 10.0 TAGAIRTÍ

- Tuairisc an Tascfhórsa ar Bhás Tobann Cairdiach

## 11.0 AGUISÍNÍ

**Aguisín I** – Foirm Admhála Polasaí
**Aguisín II** – Dearbhú an Oibrí Deonach
**Aguisín III** – Tuairisc an Chéad Fhreagróra
**Aguisín IV** – Litir don Chomhlacht Árachais

**AGUISÍN II**

**SEIRBHÍS NÁISIÚNTA OTHARCHARRANNA SCÉIM FREAGRÓIRÍ POBAIL**

**Dearbhú Rúndacht, Polasaí agus Gnáthaimh Aontaithe an Oibrí Deonach**

- Tabhair faoi deara na gnéithe rúndachta a bhaineann le cabhrú le duine sa timpeallacht réamh-ospidéil.
- I rith soláthar seirbhíse réamh-ospidéil, d'fhéadfadh oibrí deonach nithe rúnda a fheiceáil ná a chloisteáil, eolas a bhaineann le diagnóis agus cóir leighis a tugtar d'othair san aireamh.
- Níor chóir an t-eolas seo a thabhairt d'aon duine ná a phlé le h-aon duine eile seachas baill otharchairr cuí. Má sáraítear an rúndacht seo, foircheannófar d'obair deonach leis an Scéim.
- Níl an SNO in ann tacaíocht a thabhairt d'aon eachtra ná éileamh a tharlaíonn de bharr úsáide mótar-feithicil agus is ar an duine atá ag tiomáint an mótar-feithicil atá an fhreagracht agus ní ghlacfadh SNO le h-aon éileamh tánaisteach ina leith.
- Dearbhaím go seolfaidh mé an cháipéisíocht iniata a bhaineann le h-árachas m'fheithicil agus nach bhfreastalóidh mé ar aon éigeandáil go dtí go bhfaighfear an formhuiniú cuí i scríbhínn agus cóip tugtha don Chomhordaitheoir Scéime/ Bainisteoir ar Áiseanna Oibriúcháin.
- Dearbhaím freisin go gcuirfidh mé m'árachóirí pearsanta ar an eolas go bhfuilim ag glacadh páirt sa Scéim Céad Fhreagróir Pobail.

**Dearbhaím gur léigh agus gur thuig mé an t-eolas thuasluaite agus go n-aontaím géilleadh do Bheartais agus Gnáthaimh na Scéime.**

Ainm an Oibrí Deonach:

Síníthe: Dáta:

Comhordaitheoir Scéime:

Síníthe: Dáta: